Riarthóir - Réigiún an Deiscirt
Conradh - Saoire Mháithreachais

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conraithe, ag clúdach saoire mháithreachas, do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin agus le líofacht i nGaeilge le hoibriú in Oifig an Údaráis i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

Tá an Riarthóir sna hoifigí réigiúnacha lárnach i bhfeidhmiú na rannóige chun a chinntiú go mbeidh an deis acu a gcuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Soláthraíonn an Riarthóir seirbhís iomlán rúnaíochta don Oifig Réigiúnach.

Beidh na tréithe / na scileanna a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa
- Sárscileanna riaracháin
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí Gaeltachta.

Dualgais
Seirbhís iomlán rúnaíochta a chur ar fáil don Oifig Réigiúnach. Beidh sé/sí freagrach freisin as riaradh ginearálta na seirbhísí rúnaíochta a úsáideann agus/nó a theastaíonn san Oifig Réigiúnach.

Tá tuarastal de réir scála pá Oifigeach Feidhmiúcháin €31,698 ag dul leis an bpost ag brath ar thaithí/cháilíochtaí. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Oifig an Údaráis i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an **4in an Déardaoin, 19 Bealtaine 2022** chuig foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.